Gaelscoil Mhic Amhlaigh

Lána an Mhuilleora, Cnoc na Cathrach, Gaillimh

Fón: 091-590152

**NUACHTLITIR AN EARRAIGH**



A Thuismitheoirí, a chairde, 7ú Márta 2024

## An Chéad Chomaoineach/First Communion



Beidh páistí Rang 2 ag déanamh a gCéad Chomaoineach ar an Satharn ,27ú Aibreán ag 11.30 i.n. Iarrtar ar pháistí Rang 4, 5 & 6 bheith ar fáil le canadh agus le seinnt sa chóir.

*Second Class pupils will receive the sacrament of First Communion on Saturday, 27th April at 11.30 a.m in Knocknacarra church. Children in classes 4th, 5th & 6th are asked to be available to sing and play music in the choir.*

## Iománaíocht/Camógaíocht

Leanfaidh traenáil ar aghaidh tar éis scoile gach Luan ón 2.20-3.20 do chailíní agus buachaillí R4,5 &6. Beidh comórtaisí ag tosnú go luath tar éis na Cásca.

*Hurling/Camogie Training continues each Monday after school from 2.20-3.20 for both boys and girls from R4,5&6. Our school teams will be taking part in school competitions shortly after Easter.*

## Cóineartú / Confirmation

Beidh páistí Rang 6 ag déanamh a gCóineartú ar Dé hAoine 12ú Aibreán ag 11.00 i.n.

*Sixth class pupils will receive the sacrament of Confirmation on Friday the 12th April at 11.00am in Knocknacarra Church.*

## *Aifreann Gaeilge don Phobal / Irish Mass for School & Community*

Beidh páistí Ranganna 5 & 6 ag glacadh páirt i nAifreann Ghaeilge don phobal ar an Aoine, 15ú Márta i séipéal Chnoc na Cathrach ag 9.30 ar maidin. Tá míle fáilte roimh tuismitheoirí atá saor teacht chuig an aifrinn.

*Our 5th & 6th classes will be participating in an Irish medium mass organised by the school for the community on Friday, 15th March at 9.30 a.m. Parents who are free to attend are most welcome.*

## Oíche Eolais na Néara-Éagsúlachta: Intreoir ar Pharaidím na Néara –Éagsúlachta / Neurodiversity Night: An Introduction to the Neurodiversity Paradigm

**Beidh Múinteoir Siobhán Uí Dhálaigh ag tabhairt caint do thuisimitheoirí a bhfuil suim acu i réimse na néara-éagsúlachta ar an gCéadaoin, 13ú Márta ag 7.30 i.n sa scoil I seomra 9 . Fáilte roimh cách.**

*Múinteoir Siobhan Uí Dhálaigh will be giving a presentation/ talk on the neurodiversity paradigm to interested parents in the school next Wednesday, 13th March at 7.30pm in Room 9 on ground floor.*

## Grúpa Tacaíochta Tuismitheoirí / Parent Support Group

**Tá grúpa tacaíochta tuismitheoirí le páistí néara-éagsúla a thagann le chéile ó am go ham chun tacaíocht a thabhairt dá chéile. Má tá suim agat bheith páirteach sa ngrúpa , seol ríomhphost chuig parents4neurodiversitygma@gmail.com**

*Last year, a number of parents of neurodivergent children at our school formed a group and they meet occasionally to have a chat, share information, offer support to each other etc. If any parent would like to join the group , please email parents4neurodiversitygma@gmail.com*

## Néara-Lá / Neurodiversity Day

**Beidh lá gléasadh suas againn mar cheiliúradh ar Néara Lá ar 19ú Aibreán.**

*We will have a Neurodiversity Day in school on Friday,19th April where children will be encouraged to dress in bright colours to celebrate neurodiversity in our school community.*

**Féile Fichille**

Ghlac buachaillí agus cailíní ó rang a 5 agus 6 páirt i bhféile fichille in Óstán an Chlaí Bhán ar 23ú Feabhra. Ní comórtas a bhí i gceist, ach deis ficheall a imirt agus píosa spraoi a bheith acu le páistí ó scoileanna eile. Bhí neart cleachtadh déanta ag na páistí le múinteoir Tighearnán roimh ré. Bhí an-lá ag na páistí agus iad ag imirt i gcoinne páistí ón gClochán, an Cheathrú Rua, Uachtar Ard agus scoileanna na cathrach chomh maith.

*Boys and girls from $5^{th}$ and $6^{th}$ class participated in a 'Féile Fichille' in the Clybaun Hotel on $23^{rd}$ February. This non-competitive event was an opportunity for children to play chess and socialise with children from other schools. The children had practised well with Múinteoir Tighearnán in the lead up to the event and had a great day playing against children from Clifden, An Cheathrú Rua, Oughterard, and some of the city schools.*









## St Michael's GAA Academy
## Juvenile Boys Training 2024

| Age Group | Born | Contact | Contact Number | Venue & Time | First Day Back |
|---|---|---|---|---|---|
| U6 and under | 2018 and later | Roisin Tummon | 087-6250038 | Gaelscoil Mhic Amhlaigh: 6:15pm | Thurs, Feb 29th |
| U7 | 2017 | Ollie Sheridan | 087-2643160 | Gaelscoil Mhic Amhlaigh: 7:15pm | Thurs, Feb 29th |
| U8 | 2016 | Ronan Dilleen | 087-2296624 | Gaelscoil Mhic Amhlaigh: 7:15pm | Thurs, Feb 29th |
| U9 | 2015 | Aonghus O'Loughlin | 086-1262577 | Westside: 6:15pm | Tues, March 5th |
| U10 | 2014 | Eoghan Tummon | 087-9373678 | Westside: 6:15pm | Tues, March 5th |
| U11/12 | 2013 & 2012 | Ronan Coffey | 087-2273910 | Westside: 6:15pm | Tues, March 5th |
| U13/14 | 2011 & 2010-2011 | Lorcan Mannion | 087-9783633 | Westside: 6:30pm (Tues & Fri) | Tues, March 5th |
| U15 | 2009 | Sean Gibbons | 086-3326419 | Westside: 6:30pm (Tues & Fri) | Tues, Feb 13th |
| U16 | 2010 | Colm Mac Giolla Ri | 087-2171443 | Westside: 6pm | Friday, Feb 23rd |

**Sunday morning 11am training academy resumes at Westside pitch from March 24th (U6 up to U12)**

New players welcome – please contact the relevant manager

## St Michael's LGFA Academy
## Girls Training 2024

| Age Group | Born | Contact | Contact Number | Venue and Time | First Date back |
|---|---|---|---|---|---|
| U6 | 2018/2019 | Justin Tonra | 087-6939260 | Bushypark NS Hall: 7-8pm | March 4th |
| U8 | 2016/2017 | Justin Tonra | 087-6939260 | Bushypark NS Hall: 7-8pm | March 4th |
| U10 | 2014/2015 | Kevin Heraty | 087-2813627 | Bushypark NS Hall: 7 - 8pm | March 7th |
| U12 | 2012/2013 | Mairead Keane | 087-6305833 | Knocknacarra Community Centre: 6 – 7pm | March 4th |
| U14 | 2010/2011 | Ruairi Hourihane | 085-2524715 | Westside Community Centre: 6.30 – 7.30pm | March 7th |
| U16 | 2008/2009 | Tom McDonnell | 086-8533998 | Knocknacarra Community Centre: 7-8pm | March 4th |
| U18 (Minor) | 2006/2007 | Brian McNicholl<br>Kieran O'Toole | 085-8470688<br>087-9523579 | Westside: 11am | Sundays |

**St. Michael's LGFA are delighted to welcome back all our players**
New players are most welcome - please contact Amanda by email at stmichaels.galway@lgfa.ie
Training will start indoors in Bushypark NS Hall, Knocknacarra Community Centre, Sports Hall, Cappagh Park and Westside Community Centre for U6-U14.
U16 – U18 are outdoors in Westside on Sunday mornings at 11am.
We will start training outdoors for all age groups in Westside in April, Thursday evenings – 6 - 7.15pm.

LGFA PEIL na mBAN

## Garraíodóireacht/Gardening

Má tá suim ag aon tuiste/seantuiste cabhrú linn le garraíodóireacht a chur chun cinn sa scoil idir bláthanna nó glasraí déan teagmháil le Múinteoir Martina ag martina.nighabhain@gsmhicamhlaigh.ie nó glaoigh ar an Oifig @091590152 .



*If any parent/grandparent would like to get involved in promoting/helping out with Gardening in any way either planting flowers or vegtables we would gratefully appreciate all help. Please email Múinteoir Martina at martina.nighabhain@gsmhicamhlaigh.ie or contact the office at 091590152.*






**Cúrsaí Ceoil i GMA! / Music**

Tá ag éirí go hiontach le ceoltóirí R4,5,6 leis an gcleachtadh ceoil tar éis am scoile chuile Dhéardaoin. Idir seo agus briseadh na cásca beidh cleachtadh againn i rith am scoile chomh maith, ar an Luan agus ar an Déardaoin. Is gá na huirlisí ceoil a thabhairt isteach ar na laethanta sin. Chuir Rang 5 & 6 ceol den scoth ar fáil don Chéad Fhaoistin agus chuir siad go mór le lá speisialta Rang 2. Faoi láthair, táimid ag ullmhú do na sacraimintí eile agus d'aifreann Sheachtain na Gaeilge a bheidh ar siúl i séipéal Chnoc na Cathrach ar an Aoine 15 Márta ag 9:30am. Tá míle fáilte roimh phobal na scoile a bheith linn chun tús a chuir le ceiliúradh na Féile Pádraig. Míle buíochas leis na múinteoirí uilig atá ag tacú le cur chun cinn an cheoil i scoil s'againne.

*Our musicians are progressing well at our music practices after school on Thursdays. We will also be having practices during school time on Mondays & Thursdays between now and the end of April. Our 5th & 6th classes contributed wonderfully to our First Confession ceremony recently. We are practicing for our Irish Community Mass for Seachtain na Gaeilge which will be in Knocknacarra Church on Friday, 15th March at 9.30a.m. We invite any parents who are free that morning to join us for our aifreann gaeilge. Many thanks to the teachers who are supporting and helping with our music practices in GMA.*

## Cuairt ar Choláiste na Coirbe

Thug Rang 5 cuairt ar Choláiste na Coirbe le deanaí. Bhí cuairt den scoth againn. Ar dtús, thug daltaí ón cúigiú bhliain ar thuras timpeall na scoile muid. Bhí sé mór millteach! Thug muid cuairt ar roinnt de na ranganna agus chas muid le roinnt mhaith de na múinteoirí. Chonaic muid roinnt mhaith iarscoláirí na scoile seo freisin. Chuaigh leath do na páistí ansin ag déanamh spóirt sa halla mhór leis an múinteoir Corp Oideachas agus chuaigh an leath eile go dtí an cisteanach, áit a rinne an Múinteoir Tíos bunóga leo. Bhí siad go hálainn! Rinne muid babhtáil ansin agus fuair muid blaiseadh deas de shaol an scoláire i gColáiste na Coirbe. Bhí quiz boird againn mar chríoch agus bhuaigh go leor dúinn milseáin. Bhí lá den scoth againn i gColáiste na Coirbe.











## Naíonáin Bheaga ag Damhsa!



Bhí an-spraoi ag na Naíonáin Bheaga le cúig seachtainí ag foghlaim céimeanna nua damhsa ar an sean-nós le Becky. Is cinnte go mbeidh muid ag cleachtadh!

*Naíonáin Bheaga really enjoyed learning new steps at their sean-nós dancing lessons with Becky over the past five weeks. We will be sure to practice. Míle buíochas le Becky!*

## Cuairt ar Theach Uí Phiarsaigh



D'imigh Rang 6 Tighearnán, Rachel, Siobhán & Sally go hIonad Cultúrtha a Phiarsaigh in Rosmuc. Ghlac siad páirt i gceardlann scríbhneoireachta agus bhain siad an-sult agus leas as. Rang fíor-chruthaitheach iad. Thug siad cuairt ar theach Uí Phiarsaigh chomh maith - turas stairiúil san áireamh.







## Tionscnamh Scríobh Leabhar



Bhí an trí Rang a 3 páirteach sa dtionscnamh 'Scríobh Leabhar'. Bhain muid an-taitneamh as an eispéaras agus táimid ag súil go mór le leabair ó scoileanna eile a léamh!

*Our 3 third classes participated in the 'Scríobh Leabhar' project with the Education Centre. All the children enjoyed the experience and are looking forward to reading books from other children in other schools.*

**Aoíanna speisialta i Rang a 3 Aonghus, Lorna agus Martina.**

Bhí an t-ádh linn sa trí Rang a Trí gur thug an léachtóir innealtóireachta, an tOllamh Laoise Nic Con Mhara ó Ollscoil na Gaillimhe cuairt orainn agus rinne sí ceardlann linn ar an tábhacht ata ag innealtóirí inár saol. Fuair na páistí an deis a bheith ag foghlaim uaithi agus a gcuid ceisteanna chruthaitheacha a chur. Bhí sé seo mar thús iontach dúinn leis an dtionscnamh lego 'First Lego League Explore'. Míle buíochas, a Laoise.



*We had the privilege in Rang a 3 of having a presentation on engineering from the Head of Engineering in Ollscoil na Gaillimhe, Professor Laoise McNamara. It was a wonderful opportunity for the children to learn about the importance of engineering and the huge contribution that engineers make in enhancing our lives. This workshop was a wonderful thought-provoking introduction for the children, who have just begun their own engineering projects as part of the 'First Lego League Explore' project. Many thanks, Laoise.*

Chomh maith leis sin, bhí cuairt againn ó Declan ó Ghairdín Bhríde. Rinne Declan cúpla turgnamh a bhí bainteach le fórsaí agus conas a bhogann rudaí. Bhain na páistí an-sult as an taispéantas.



*We were fortunate to have Declan visit us from Brigit's Garden in Roscahill. Declan gave the children an opportunity to take part in various experiments which highlighted how forces help objects and how gravity affects objects.*

## Anfa

Ghlac rang a 3 Aonghus páirt i dtaifeadadh don clár Anfa a bhíonn ar siúl ar Tg4. Chaith siad lá sa Blackbox ag taifeadadh agus bhain siad an-taitneamh as a bheith ag foghlaim céard a tharlaíonn ar seit. Ba iad Leighton agus Sadhbh a bhí ag glacadh páirt agus bhí an chuid eile den rang sa lucht féachanna. Fair play don bheirt d'éirigh leo an cluiche a bhuachaint.




*Rang a 3 Aonghus took part in the recording of the Tg4 programme Anfa recently in the Blackbox. It was a great opportunity for them to see what happens behind the scenes on set. Leighton and Sadhbh were participating and the rest of the class were in the audience. Well done to Leighton and Sadhbh, they won on the day.*



## Coicís na Gaeilge

**Tá neart imeachtaí eagraithe do na ranganna éagsula do choicís na Gaeilge don choicís seo. Iarrann muid ar thuismitheoirí an oiread Gaeilge 's gur féidir leo a usáid sa bhaile agus cinnte I dtimpeallacht na scoile.**

*Many events & activities are happening during the next two weeks to celebrate Coicís na Gaeilge. We encourage parents to practice their Irish at home and on the school site as much as possible and we praise the huge efforts of many parents while on school site. Míle buíochas. Leanaigí leis na deá-iarrachtaí.*

## HATAÍ NA gCÁSCA // EASTER HATS

Iarrtar ar na gasúir 'Hata Cásca' a dhearadh iad fhéin le caitheamh ar scoil más mian leo ar an lá deireanach don téarma- Dé hAoine 22ú Márta. Bí chomh spraíúil, cruthaitheach, samhlaíoch agus uathúil agus is féidir... tosaigh ag smaoineamh, ag pleanáil agus ag dearadh go luath! Píosa spraoi a bhéas ann!

*We are asking the children to consider designing an 'Easter Hat' to wear at school if they wish on the last day of term- Friday 22nd March. Be as fun, creative, imaginative and unique as you are ...get thinking, planning and designing as soon as possible! Have fun!*



## TRÁCHT/TRAFFIC



**Cúpla meabhrúcháin maidir le cúrsaí tráchta:**

**NÁ TABHAIR do CHARR isteach ar shuíomh na scoile ach amháin má tá tú ag usáid an Fág & Fuadaigh ar maidin.**

**NÁ TABHAIR do CHARR isteach ar shuíomh na scoile tar éis am scoile ar CHOR AR BITH ach amháin má tá ceadúnas mhíchumas agat.**

**Páirceáil do charr I gCarrchlós an Ionad Siopadóireachta ag Dunnes.**

**Bí curamach má tá sibh ag pairceáil taobh amuigh de shuíomh na scoile mar go bhfuil Clampáil ar siúl.**

**TIOMAINN GO MALL nuair atá sibh ag teacht isteach ar shuíomh na scoile ag usáid an Fág & Fuadaigh ar maidin le bhur dtoil. Tá roinnt tuismitheoirí ag tiomáint I bhfad ró-sciapaidh ar shuíomh na scoile. Moilligh síos, Tóg bhur h-am le bhur dtoil.**

**Míle buíochas do na tuismitheoirí ar fad a leanann ár dtreoracha ó thaobh trácht/páirceáil. Don chúpla duine nach leanann na treoracha iarratar bhur cgomhoibriú.**

***We ask Parents to adhere to the traffic restrictions in place around the school. We will have to review keeping the main school gates open if everyone doesn't co-operate with what's being asked of us. Please adhere to the following:***

***Please DO NOT DRIVE your vehicle onto the school site in the morning unless you are using DROP & GO service.***

***Please DO NOT DRIVE your vehicle onto the school site when collecting your child after school unless you have a disability permit.***

***Please park your vehicle in the Dunnes carpark across from the school.***

***Be careful if parking on the road outside the school on the Dunnes side of the school as clamping is in operation.***

***Please DRIVE VERY SLOWLY when using the DROP & GO service in the morning when entering & exiting school site. Some parents need to SLOW down while driving on the school site. Please slow down.***

***A sincere thank you to all the parents who adhere to our traffic and parking requests. To the few who continue to ignore our requests, please co-operate. Míle Buíochas.***

## An Fhéile Scoil Drámaíochta

Comhgháirdeas ó chroí le Múinteoirí Áine, Fionnuala, Joe & Páistí Ranganna 4 a chruthaigh go hiontach ag an bhFéile Scoil Drámaíochta an tseachtain seo caite. Bhí comórtas an-ghéar ann agus tá moladh mór tuillte acu gur eirí leo ainmniúchán a fháil don bhFéile Cúige as an méid drámaí a ghlac páirt sa gcomórtas. Comhgháirdeas ó chroí leo. Comhgháirdeas ó chroí le Rang 4 Fionnuala a bhuaigh Comórtas 14 i Roinn 5, Roinn na gCeoldrámaí . Mar bharr ar sin, d'eirigh leo an duais is ansa ag an bhFéile a bhaint amach,' Scoth Léiriú na Féile'. Piocann an moltóir an dráma is fearr dar leí ó na drámaí ar fad don duais seo. Is mór an ónóir do Fionnuala & na páistí gur roghnaíodh a ndráma don duais speisialta seo. Cé go bhfuil sé iontach na duaiseanna & na hainmniúcháin a fháil, níl siad chomh tábhachtach leis na scileanna ar fad a fhoghlaimíonn na páistí agus iad ag dul thríd an phróiséis ag ullmhú dráma chun dul ar stáitse. Tá sé feicthe agus cloiste thar na mblianta an mhaitheas thar na bearta a dhéanann sé do na gasúir. Is obair chrua é do na múinteoirí agus glacaimse thar ceann pobal na scoile buíochas ó chroí le Áine, Fionnuala agus Joe as ucht a gcuid oibre agus antró ar fad. Smaoineoidh na gasúir ar an deis a thug sibh dóibh ar feadh i bhfad. Nar laga Dia sibh. Tá buíochas mór ag dul do Dheirdre agus Mary as ucht an tacaíocht iontach a thug said don cheol agus don léiriucháin, chuir sé go mór leis na drámaí. Táimid chomh buíoch doibh as bheith sásta bheith ag tacú linn i gconaí.

Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leis na múinteoirí a bhí ar an gcoiste eagrúcháin don bhFéile áitiúil a eagrú.

Tá buíochas ag dul do mhúinteoirí a thug cúnamh thiar ag Seanscoil Shailearna agus do na tuistí ó choiste na dTuistí as ucht a gcabhair. Buíochas speisialta do Fergal, Antoinette, Carragh, Méadbh agus Niamh a rinne éacht thiar ag an bhFéile ag coinneáil chuile shórt ag dul go réidh. Míle buíochas do chách as ucht a dtacaíocht le oíche bronnadh na nduaiseanna.

Beimid ag glacadh páirt sa bhFéile Cúige ar an 19ú Márta san áit céanna. Seolfar amanna chugaibh aríst.

*A massive congratulations to our 4th class teachers and pupils who performed brilliantly at the Féile Scoil Drámaíochta recently. There were a lot of dramas competing and we are delighted for Rang 4 that all 3 dramas were nominated to participate at the provincial finals.  Congratulations to all classes.*

*A big congratulations to Fionnuala and all her pupils who won their category and also won the Féile's prestigious award, 'The best production'. The adjudicator chose their performance out of the 26 dramas which were staged during the week. Well done to Fionnuala and the children.*

*Although it's fantastic to win prizes and receive nominations, the most important aspect of the children's involvement in the Féile Scoil Drámaíochta is the skills they acquire during the whole process, from beginning to end. It is nearly impossible to quantify the skills the children acquire, there are many from engagement to confidence building etc. It's a special experience and one which the children will remember for a long time, long after their school days in GMA. It takes a huge commitment from the teachers and I wish to thank them all so much, Míle míle buíochas to Joe, Fionnuala and Áine for giving the children this fantastic experience. A big thank you to Deirdre and Mary for all their support with the music productions. A big thank you to the organising group of teachers from GMA and to the teachers and parents who helped out in Inverin as well as the teachers who helped at the presentation of prizes evening.*

*A special thank you to Fergal, Antoinette, Carragh, Meádbh and Niamh who kept the show on the road for the 4 days.*

*All 3 classes will be participating in the provincial finals in the same location on 19$^{th}$ March.*

**Dátaí le Meabhrú / Dates to remember**

*4ú-18ú Márta- Coicís na Gaeilge – Labhraigí an oiread Gaeilge sa bhaile & gur féidir!*

*6ú Márta- Cuairt Seantuismitheoirí Rang 1 Martina /Neasa ag 9.30*

*6ú Márta -Cuairt Seantuismitheoirí Rang 1 Siobhán ag 11.30*

*7ú Márta- Cuairt Seantuismitheoirí Rang 1 Bríd ag 9.30*

*7ú Márta -Cuairt Seantuismitheoirí Rang 1 Fiona ag 11.30*

*8ú Márta- Scoil Dúnta mar gheall ar usáid na scoile don reifreann / School Closure*

*9ú Márta -Aifreann do pháistí Rang 2 & 6 ag 6 a chlog sa séipéal – Sacraimintí*

*12ú Márta- Seirbhís an tSolais do pháistí & Tuistí Rang 6 I halla na scoile ag 12 meánlae*

*13ú Márta – Oíche Eolais na Néara- Éagsúlachta / An introduction to the Neurodiversity Paradigm ag 7.30i.n. sa scoil*

*15ú Márta- Aifreann Gaeilge na Scoile I Séipéal Chnoc na Cathrach ag 9.30 r.n/a.m*

*15ú Márta - Lá Glas ar scoil /Wear Green to school day*

*18ú Márta- Scoil Dúnta/School closed*

*19ú Márta -Féile Scoil Drámaíochta –Ranganna 4 – Indreabhán*

*20ú Márta- Scéim Aitheantas Gaeltachta – Cigirí ón Roinn Oideachais ag tabhairt cuairt ar an scoil chun meastóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcritéar teangabhunaithe d'aitheantas mar scoil Ghaeltachta*

*21ú Márta – Ranganna 4 ag glacadh páirt sa Lá Filíochta I dteannta páistí ó scoileanna eile Gaeltachta mar chuid de thionscnamh na scoile le GaeilgeABC – Ceiliúradh I Wildlands.*

*22ú Márta - Hataí na Cásca a chaitheamh ar scoil / Easter Bonnet Day at school*

*22ú Márta- Tús le Laethanta Saoire na Cásca /Start of Easter Holidays*

*19ú Aibreán – Lá Gléasadh suas Neára Lá/Neuordiversity dress up day*

**Cairde Léitheoireachta**

Tá Cairde Léitheoireachta ar siúl ag Rang a 4 Áine le Rang a 1 Martina/Neasa faoi láthair. Bíonn deis ag na páistí i Rang a 1 léitheoireacht as Gaeilge agus as Béarla a dhéanamh os ard faoi stiúr na páistí i Rang a 4. Tá na páistí ag baint an-sult as cabhair a thabhairt do na páistí óga. Ní neart go cur le chéile.

*Rang a 4 Áine are currently doing Cairde Léitheoireachta/Reading Companions with Rang a 1 Martina/Neasa. The children in Rang a 1 have an opportunity to read both Irish and English books aloud under the supervision and help of the older children in Rang a 4. Both classes are thoroughly enjoying the experience and the older children are getting great benefit from helping their younger counterparts.*





**Foireann Folláine/Wellbeing Team**

Tá an Foireann Folláine ag obair go dian ar chursaí Folláin na scoile. Tá siad ag tabhairt faoi dhá thionscnamh faoi láthair- Tá"Cairde Chlóis "faoi lán seol le cúpla mí anois ag muineadh cluichí clóis nua do na Ranganna Naíonáin ag am sosa agus tá Reading Buddies tosnaithe ar ais againn  sa scoil le gasúir Rang 4 ag léamh le gasúir Rang 1.

*Our Well-being Team are working diligently on a few new projects this year. Our "Cairde Chlóis" project is up and running for a few months now with children from Rang 5/6 teaching some great playtime games to the Infant children. Our second project sees the welcome return of Reading Buddies between Rang 4 and Rang 1.*

**<u>Laethanta Saoire na Cásca – 22ú Márta</u>**

**Easter Holidays – 22nd March**

Beidh páistí ag fail laethanta saoire na Cásca ar an Aoine, 22ú Márta.

**Osclófar an scoil aríst ar an Luan 8ú Aibreán 2024**.

*Children will get their Easter Holidays on Friday, 22nd March 2024.*

***School will re-open again on Monday the 8th April 2024.***

